Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Eanáir 2021
(OR. en)

13918/20
ADD 2 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0373(NLE)**

UK 117

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 841 final/2 - IARSCRÍBHINN 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú ag an gComhaontú um Tharraingt Siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena mbunófar liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána faoin gComhaontú agus ar liosta cúltaca de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí de chuid an Aontais de phainéal eadrána faoin gComhaontú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 841 final/2 - IARSCRÍBHINN 2.

Faoi iamh: COM(2020) 841 final/2 - IARSCRÍBHINN 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.1.2021
COM(2020) 841 final/2

ANNEX 2

COM(2020) 841 final of 14.12.2020 downgraded on 27.1.2021

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú ag an gComhaontú um Tharraingt Siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena mbunófar liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána faoin gComhaontú agus ar liosta cúltaca de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí de chuid an Aontais de phainéal eadrána faoin gComhaontú**

## IARSCRÍBHINN II

**Dréachtnóta le cur i gceangal le Miontuairiscí Chruinniú an Chomhchoiste um Tharraingt Siar, an xx Nollaig 2020, lena Leagtar Amach na Nósanna Imeachta le haghaidh na gCathaoirleach a bheidh ann amach anseo a Ainmniú i liosta na gcathaoirleach le haghaidh Phainéal Eadrána an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar**

Ghlac an Comhchoiste inniu an liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí ar phainéal eadrána i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Meabhraíonn na Páirtithe gur roghnaíodh an cúigiú duine ar liosta na gcathaoirleach tar éis crannchur a bhí ann an 9 Nollaig 2020 i láthair ionadaithe ón dá Pháirtí.

Chun cothromaíocht a áirithiú le himeacht ama, ba cheart feidhm a bheith ag córas uainíochta a fheidhmeoidh mar a leanas: nuair a thiocfaidh folúntas i bpost a bheidh ag cathaoirleach a bheidh á chur i láthair ag páirtí a bhfuil trí áit ar an liosta de chúig cinn, cuirfidh an Páirtí eile triúr iarrthóirí i láthair as a roghnóidh an chéad Pháirtí cathaoirleach laistigh de thrí lá oibre chun an folúntas sin a líonadh.

Má tá post ag cathaoirleach a chuireann an Páirtí i láthair a bhfuil dhá áit ar an liosta de chúig cinn ag a chuid iarrthóirí, ní bheidh aon uainíocht ann agus cuirfidh an Páirtí sin triúr iarrthóirí i láthair as a roghnóidh an Páirtí eile cathaoirleach laistigh de thrí lá oibre chun an folúntas sin a líonadh.

Dá réir sin, ní bheidh níos lú ná beirt chathaoirleach ar liosta na gcathaoirleach a chuir gach Páirtí i láthair tráth ar bith.

Tar éis gach athsholáthair chathaoirligh mar a leagtar amach thuas, ba cheart don Chomhchoiste an liosta de 25 dhuine a leasú le cinneadh a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

In aon chás, déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú ar an liosta de 25 dhuine dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh ón gComhchoiste a glacadh inniu. Déanfaidh na Páirtithe a ndícheall liosta de chúigear a mholadh go comhpháirteach le linn an athbhreithnithe sin, de réir mar a leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Ba cheart an liosta sin a chur in ionad an liosta a bhí ann roimhe sin tráth nach déanaí ná sé mhí ó thús an athbhreithnithe.

Mura féidir teacht ar chomhaontú maidir leis an gcúigiú cathaoirleach le linn an phróisis athbhreithnithe, an Páirtí a bhfuil dhá áit ar an liosta de chúig cinn ag an bpointe sin, cuirfidh sé triúr iarrthóirí i láthair as a roghnóidh an Páirtí eile cathaoirleach laistigh de thrí lá chun an áit sin ar an liosta a líonadh. Tar éis an phróisis athbhreithnithe, ba cheart don Chomhchoiste an liosta de 25 dhuine a leasú le Cinneadh a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Na hiarrthóirí ar fad a mholann Páirtí amháin le haghaidh a roghnaithe ag an bPáirtí eile de réir an nós imeachta a leagtar amach sa Nóta seo, ní mór dóibh na critéir atá leagtha amach in Airteagal 171 den Chomhaontú a shásamh, agus, i gcás ina measann Páirtí le réasún nach amhlaidh atá an cás, forchoimeádann sé an ceart agóid a dhéanamh in aghaidh an t-iarrthóir sin a chur san áireamh nó a cheapadh.